



## BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Mór-Dhlísheomra)

21 Nollaig 2023 \*

(Tarchur chun réamhrialú – Airteagal 267 CFAE – Coincheap ‘dlínse’ – Critéir – Izba Kontroli Nadzwyczajnej i Spraw Publicznych (an Dhlísheomra um Athbhreithniú Urghnách agus Gnóthaí Poiblí) den Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach, an Pholainn) – Tagairt do réamhrialú ó fhoirmiú nach bhfuil stádas binse neamhspleách neamhchlaonta arna bhunú roimhe sin leis an dlí – Neamh-inghlacthacht)

I gCás C-718/21,

IARRAIDH ar réamhrialú de bhun Airteagal 267 CFAE ón Sąd Najwyższy (Izba Kontroli Nadzwyczajnej i Spraw Publicznych) [an Chúirt Uachtarach (an Dhlísheomra um Athbhreithniú Urghnách agus Gnóthaí Poiblí, an Pholainn)], le cinneadh an 20 Deireadh Fómhair 2021, a fuarthas sa Chúirt an 26 Samhain 2021, sna himeachtaí idir

**L. G.**

agus

**Krajowa Rada Sądownictwa,**

tugann AN CHÚIRT (an Mór-Dhlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: K. Lenaerts, Uachtarán, L. Bay Larsen, Leas-Uachtarán, A. Prechal (Rapóirtéir), K. Jürimäe, C. Lycourgos, Z. Csehi agus O. Spineanu-Matei, Uachtaráin Dhlísheomra, M. Ilešič, S. Rodin, I. Jarukaitis, A. Kumin, N. Jääskinen, D. Gratsias, M. L. Arastey Sahún agus M. Gavalec, Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: A. Rantos,

Abhcóide Ginearálta: C. Di Bella, Riarthóir,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn agus i ndiaidh éisteacht an 8 Samhain 2022,

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

- L.G., dá ndéanann sé ionadaíocht air féin,
- Krajowa Rada Sądownictwa, dá ndéanann A. Dalkowska, J. Kołodziej-Michałowicz, D. Pawełczyk-Woicka agus P. Styrna ionadaíocht,

\* Teanga an cháis: an Pholainnis.

- Rialtas na Polainne, dá ndéanann B. Majczyna agus S. Żyrek, i gcáil Gníomhairí, ionadaíocht,
- Rialtas na Beilge, dá ndéanann C. Pochet, M. Jacobs, L. van den Broeck agus M. van Regemorter, i gcáil Gníomhairí, ionadaíocht,
- Rialtas na Danmhairge, dá ndéanann V. Pasternak Jørgensen agus M. Søndahl Wolff, i gcáil Gníomhairí, ionadaíocht,
- Rialtas na hÍsiltíre, dá ndéanann M. K. Bulterman agus P.P. Huurnink, i gcáil Gníomhairí, ionadaíocht,
- an Coimisiún Eorpach, dá ndéanann K. Herrmann agus P.J.O. Van Nuffel, i gcáil Gníomhairí, ionadaíocht,

tar éis éisteacht le Tuairim an Abhcóide Ghinearálta ag éisteacht an 2 Márta 2023,

an Breithiúnas seo a leanas:

### **Breithiúnas**

- 1 Baineann an iarraidh ar réamhrialú le léiriú ar an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE.
- 2 Rinneadh an iarraidh seo i gcomhthéacs imeachtaí idir L.G. agus Krajowa Rada Sądownictwa (Comhairle Náisiúnta na mBreithiúna, an Pholainn; 'KRS') maidir le cinneadh gan breithniú a dhéanamh ar iarratas L.G. go n-údarófar dó leanúint dá dhualgais mar bhreitheamh a fheidhmiú tar éis na gnáthaoise scoir.

### **Creat dlíthiúil**

#### ***An Bunreacht***

- 3 Luaitear an méid seo a leanas in Airteagal 10 de Konstytucja Rzeczypospolitej Polskiej (Bunreacht Phoblacht na Polainne; 'an Bunreacht'):
  - '1. Bunófar córas rialtais Phoblacht na Polainne ar dheighilt agus ar chothromaíocht idir an reachtas, an feidhmeannas agus na breithiúna.
  2. Feidhmíonn an Sejm [(Teach íochtarach na Parlaiminte, an Pholainn)] agus an Senat [(an Seanad, an Pholainn)] cumhacht reachtach. Beidh údarás feidhmiúcháin ag Uachtarán na Poblachta agus ag Comhairle na nAirí. Feidhmíonn cúirteanna agus binsí cumhacht na mbreithiúna.'
- 4 Foráiltear le hAirteagal 45(1) den Bhunreacht:

'Tá gach duine i dteideal éisteacht chóir phoiblí a fháil, gan moill mhíchúí, ó bhinse neamhspleách neamhchlaonta a bhfuil dlínse aige.'

5 Foráiltear le hAirteagal 60 den Bhunreacht:

‘Tá an ceart rochtana, faoi choinníollacha combhionanna, ar oifig phoiblí ag saoránaigh de chuid na Polainne a bhfuil a gcearta iomlána mar shaoránaigh acu.’

6 Faoi Airteagal 77(2) den Bhunreacht:

‘Ní fhéadfaidh reachtanna bac a chur ar dhuine ar bith dul ar iontaoibh na gcúirteanna d’fhonn éilimh a éileamh go sáraítear saoirsí nó cearta.’

7 Foráiltear le hAirteagal 179 den Bhunreacht:

‘Déanfaidh Uachtarán Phoblacht na Polainne na breithiúna a cheapadh, ar thogra [ó KRS], go ceann tréimhse éiginnte.’

8 Foráiltear le hAirteagal 186(1) den Bhunreacht:

‘Beidh [KRS] ina chaomhnóir ar neamhspleáchas na gcúirteanna agus na mbreithiúna.’

9 Foráiltear le hAirteagal 187 den Bhunreacht:

‘1. Tá [KRS] comhdhéanta mar a leanas:

1) an Chéad Uachtarán ar an Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach, an Pholainn), an tAire Dlí agus Cirt, Uachtarán ar an Naczelny Sąd Administracyjny [(an Ard-Chúirt Riaracháin, an Pholainn)] agus duine arna ainmniú ag Uachtarán na Poblachta,

2) cúig chomhalta dhéag arna dtoghadh as measc bhreithiúna an Sąd Najwyższy [(an Chúirt Uachtarach)], na ngnáthchúirteanna, na gcúirteanna riaracháin agus na gcúirteanna míleata,

3) ceathrar comhaltaí arna dtoghadh ag an Sejm [(an Pharlaimint)] as measc na bhfeisirí agus beirt chomhaltaí arna dtoghadh ag an Senat [(an Seanad)] as measc na seanadóirí.

[...]

3. Ceithre bliana a bheidh i dtéarma oifige chomhaltaí tofa [KRS].

4. Leagtar síos le dlí na rialacha, an réimse gníomhaíochta, an chaoi a n-oibríonn [KRS] agus an modh ina dtoghtar a chomhaltaí.’

### ***An Dlí maidir leis an gCúirt Uachtarach***

10 Tháinig an ustawa o Sądzie Najwyższym (an Dlí maidir leis an gCúirt Uachtarach), an 8 Nollaig 2017 (Dz. U. 2018, mír 5) i bhfeidhm an 3 Aibreán 2018. Leasaíodh an Dlí sin roinnt uaireanta ina dhiaidh sin.

11 Leis an Dlí maidir leis an gCúirt Uachtarach, bunaíodh, *inter alia*, laistigh den Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach), dhá dhlísheomra nua ar a dtugtar Izba Kontroli Nadzwyczajnej i Spraw Publicznych (an Dlísheomra um Athbhreithniú Urghnách agus Gnóthaí Poiblí) agus Izba Dyscyplinarna (an Dlísheomra Araíonachta) faoi seach.

- 12 Foráiltear mar a leanas le hAirteagal 26(1) den Dlí maidir leis an gCúirt Uachtarach:

‘Achomharc urghnách, díospóidí toghcháin agus agóidí i gcoinne bailíocht reifrinn náisiúnta nó reifrinn bunreacht, cinneadh maidir le bailíocht toghchán agus reifreann, cásanna eile arna rialú ag an dlí poiblí, lena n-áirítear díospóidí a bhaineann le hiomaíocht a chosaint, rialáil fuinnimh, teileachumarsáid agus iompar d’iarnród, agus caingne i gcoinne chinntí Przewodniczący Krajowej Rady Radiofonii i Telewizji (Cathaoirleach na Comhairle Náisiúnta Craoltóireachta, an Pholainn) nó a cheistíonn rófhad na n-imeachtaí os comhair na ngnáthchúirteanna agus os comhair na gcúirteanna míleata agus an Sąd Najwyższy [(an Chúirt Uachtarach)].’

### *An Dlí maidir le KRS*

- 13 I gcomhréir le hAirteagal 9a den ustawa o Krajowej Radzie Sądownictwa (an Dlí maidir le Comhairle Náisiúnta na mBreithiúna), an 12 Bealtaine 2011 (Dz. U. de 2011, mír 714), arna leasú le ustawa o zmianie ustawy o Krajowej Radzie Sądownictwa oraz niektórych innych ustaw (an Dlí lena leasaítear an Dlí maidir le Comhairle Náisiúnta na mBreithiúna agus dlíthe áirithe eile), an 8 Nollaig 2017 (Dz. U. an 2018, mír 3), a tháinig i bhfeidhm an 17 Eanáir 2018, agus leis an ustawa o zmianie ustawy – Prawo o ustroju sądów powszechnych oraz niektórych innych ustaw (an Dlí lena leasaítear an Dlí maidir le hEagrú na nGnáthchúirteanna agus dlíthe áirithe eile) an 20 Iúil 2018 (Dz. U. de 2018, mír 1443), a tháinig i bhfeidhm an 27 Iúil 2018 (‘an Dlí maidir le KRS’):

‘1. Toghan an Sejm [(an Pharlaimint)], as measc bhreithiúna an Sąd Najwyższy [(an Chúirt Uachtarach)], gnáthchúirteanna, cúirteanna riaracháin agus cúirteanna míleata, 15 chomhalta [de KRS] ar feadh téarma oifige comhpháirteach ceithre bliana.

[...]

3. Tosóidh téarma comhchoiteann na gcomhaltaí nua [de KRS], arna dtoghadh as measc na mbreithiúna, an lá tar éis a dtofa. Déanfaidh [comhaltaí de KRS] atá ag dul as oifig a gcuid dualgas go dtí an lá a thosóidh téarma comhpháirteach oifige chomhaltaí nua [KRS].’

- 14 Foráiltear an méid seo a leanas le hAirteagal 37(1) den Dlí maidir le KRS:

‘Má tá iarratas déanta ag roinnt iarrthóirí ar phost mar bhreitheamh, déanfaidh [KRS] na hiarratais go léir a cuireadh isteach a scrúdú agus a mheas le chéile. Sa chás sin, glacfaidh [KRS] rún lena n-áirítear a chinntí maidir le togra a chur i láthair le haghaidh ceapachán mar bhreitheamh, ag féachaint do na hiarrthóirí uile.’

- 15 Foráiltear an méid seo a leanas le hAirteagal 43(2) den Dlí maidir le KRS:

‘Mura ndéanann na rannpháirtithe uile sa nós imeachta agóid in aghaidh an rúin dá dtagraítear in Airteagal 37(1), beidh an rún críochnaitheach don chuid ina n-áirítear an cinneadh gan togra le haghaidh ceapachán don phost mar bhreitheamh a chur ar aghaidh maidir leis na rannpháirtithe nár thionscain achomharc, faoi réir fhorálacha Airteagal 44(1b).’

- 16 Is mar seo a leanas atá an fhoráil idirthréimhseach atá in Airteagal 6 de Dhlí an 8 Nollaig 2017 lena leasaítear an Dlí maidir le Comhairle Náisiúnta na mBreithiúna agus dlíthe áirithe eile:

‘Mairfidh tréimhse oifige na gcomhaltaí [de KRS] dá dtagraítear in Airteagal 187(1)(2) den [Chomhdhéanamh], a thoghfáir ar bhonn na bhforálacha reatha, go dtí an lá roimh thús théarma

oifige na gcomhaltaí nua [de KRS], ach ní rachaidh sé thar 90 lá ó dháta theacht i bhfeidhm an Dlí seo, mura rud é gur tháinig deireadh leis roimhe sin de bharr é a dhul in éag.’

17 Luadh an méid seo a leanas in Airteagal 44 den Dlí maidir le KRS:

‘1. Féadfaidh rannpháirtí sa nós imeachta achomharc a thaisceadh os comhair an Sąd Najwyższy [(an Chúirt Uachtarach)] ar an bhforas go bhfuil rún [KRS] neamhdhleathach, mura bhforáiltear le forálacha ar leith dá mhalairt. [...]

1a I gcásanna aonair a bhaineann le ceapachán mar bhreitheamh de chuid an [Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach)], is féidir achomharc a thaisceadh os comhair an [Naczelny Sąd Administracyjny (an Ard-Chúirt Riaracháin)]. Sna cásanna sin, ní féidir achomharc a thaisceadh os comhair an [Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach)]. Ní fhéadfaidh achomharc os comhair an [Naczelny Sąd Administracyjny (an Ard-Chúirt Riaracháin)] a bheith bunaithe ar líomhain go ndearnadh measúnú míchuí ar an gcomhlíonadh atá déanta ag na hiarrthóirí ar na critéir a cuireadh san áireamh agus cinneadh á dhéanamh ar chur i láthair an togra le haghaidh ceapachán mar bhreitheamh de chuid an [Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach)].

1b Mura ndearna na rannpháirtithe go léir sa nós imeachta agóid in aghaidh an rúin dá dtagraítear in Airteagal 37(1) i gcásanna aonair a bhaineann le ceapachán mar bhreitheamh de chuid an [Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach)], tá an rún sin críochnaitheach sa chuid ina bhfuil an cinneadh ar chur i láthair an togra le haghaidh ceapachán mar bhreitheamh de chuid an [Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach)] agus sa chuid sin den chinneadh gan togra le haghaidh ceapachán mar bhreitheamh de chuid na cúirte céanna sin a chur i láthair, maidir leis na rannpháirtithe sa nós imeachta nach bhfuil achomharc taiscthe acu.

[...]

4. I gcásanna aonair a bhaineann le ceapachán mar bhreitheamh de chuid an [Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach)], is ionann an [Naczelny Sąd Administracyjny (an Ard-Chúirt Riaracháin)] ag cur rún de KRS gan togra a dhéanamh le haghaidh ceapachán mar bhreitheamh de chuid an [Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach)] ar neamhni agus glacadh le hiarratas ó rannpháirtí sa nós imeachta a rinne an t-achomharc a thaisc, d’fholúntas mar bhreitheamh ag an [Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach)], post nach bhfuil, ar dháta a thugann an [Naczelny Sąd Administracyjny (an Ard-Chúirt Riaracháin)] a chinneadh, na himeachtaí ina leith os comhair KRS críochnaithe nó, i gcás nach bhfuil aon imeachtaí den sórt sin, don chéad fholúntas eile mar bhreitheamh sa [Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach)] arna fhoilsiú.’

18 Cuireadh mír 1a d’Airteagal 44 den Dlí maidir le KRS isteach san Airteagal sin le Dlí an 8 Nollaig 2017 lena leasaítear an Dlí maidir le Comhairle Náisiúnta na mBreithiúna agus dlíthe áirithe eile, agus cuireadh isteach míreanna 1b agus 4 le Dlí an 20 Iúil 2018 lena leasaítear den Dlí maidir le hEagrú na nGnáthchúirteanna agus dlíthe áirithe eile. Sula ndearnadh na leasuithe sin, tugadh na hachomhairc dá dtagraítear i mír 1a os comhair an Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach) i gcomhréir le hAirteagal 44(1).

19 Le breithiúnas an 25 Márta 2019, dhearbhaigh an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil, an Pholainn) nach raibh Airteagal 44(1a) den Dlí maidir le KRS ag luí leis an mBunreacht, ar na forais, go bunúsach, nach raibh údar leis an dlínse a thugtar don Naczelny Sąd Administracyjny (an Ard-Chúirt Riaracháin) le mír 1a i bhfianaise chineál na gcásanna lena mbaineann, shaintréithe eagrúcháin na cúirte sin ná an nós imeachta a chuirtear i bhfeidhm léi.

Sa bhreithiúnas sin, luaigh an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) freisin gurb é atá i gceist leis an dearbhú míbhunreachtúlachta sin ná clabhsúr a chur ar na himeachtaí cúirte uile atá ar feitheamh bunaithe ar an bhforáil aisghairthe.’

- 20 Ina dhiaidh sin, leasaíodh Airteagal 44 den Dlí maidir le KRS le ustawa o zmianie ustawy o Krajowej Radzie Sądownictwa oraz ustawy–Prawo o ustroju sądów administracyjnych (an Dlí lena leasaítear an Dlí maidir le Comhairle Náisiúnta na mBreithiúna agus an Dlí maidir le hEagrú Díospóidí Riaracháin) an 26 Aibreán 2019 (Dz. U. 2019, mír 914;), a tháinig i bhfeidhm an 23 Bealtaine 2019. Foráiltear an méid seo a leanas le mír 1 d’Airteagal 44 ó shin i leith:

‘Féadfaidh rannpháirtí sa nós imeachta achomharc a thionscnamh os comhair an [Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach)] ar an bhforas go bhfuil an rún [ó KRS] neamhdhleathach, mura bhforáiltear a mhalairt le forálacha ar leith. Ní féidir achomharc a thionscnamh i gcásanna aonair a bhaineann le ceapachán breithimh chuig an [Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach)].’

- 21 Ina theannta sin, foráiltear le hAirteagal 3 de Dhlí an 26 Aibreán 2019 ‘[nach] rachaidh na hachomhairc i gcoinne na rún [ó KRS] i gcásanna aonair maidir le ceapachán breithimh chuig an [Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach)], a tionscnaíodh ach nár tugadh breithiúnas iontu roimh theacht i bhfeidhm an Dlí seo, ar aghaidh chun breithiúnais de bharr fheidhmiú an dlí.’

### ***An Dlí maidir le hEagrú na nGnáthchúirteanna***

- 22 Foráiltear in Airteagal 69 den ustawa – Prawo o ustroju sądów powszechnych (Dlí maidir le hEagrú na nGnáthchúirteanna) an 27 Iúil 2001 (Dz. U. Uimh. 98, mír 1070), sa leagan is infheidhme maidir leis na fíorais sna príomhimeachtaí:

‘1. Rachaidh breithiúna ar scor díreach ar an 65ú breithlá féin, seachas, tráth nach déanaí ná sé mhí agus nach luaithe ná dhá mhí dhéag roimh an aois thuasluaite a bhaint amach, má sheolann siad dearbhú chuig [KRS] lena sonraítear gur mian leo leanúint ar aghaidh le comhlíonadh a bhfeidhmeanna agus má thugann siad deimhniú, arna eisiúint i gcomhréir leis na coinníollacha is infheidhme maidir le hiarrthóirí ar phost an bhreithimh, ina ndearbhaítear nach gcuirfidh a sláinte isteach ar a gcumas suí.

[...]

1b. Féadfaidh [KRS] breitheamh a údarú le leanúint ar aghaidh le comhlíonadh a fheidhmeanna más chun leas dlisteanach i dtaca le riar an cheartais nó chun leas sóisialta tábhachtach atá sé go leanann an breitheamh ar aghaidh, ag féachaint do ríthábhacht na héifeachtúlachta acmhainní ó thaobh fhoireann na ngnáthchúirteanna de agus ag féachaint do na riachtanais a eascraíonn as ualach oibre na gcúirteanna éagsúla. [...]

[...]

### ***An díospóid sna príomhimeachtaí agus na ceisteanna a tarchuireadh le haghaidh réamhrialú***

- 23 I litir dar dáta an 30 Nollaig 2020, chuir L.G., breitheamh den Sąd Okręgowy w K. (Cúirt Réigiúnach K, an Pholainn), in iúl do KRS go raibh sé ar intinn aige leanúint dá dhualgais a chomhlíonadh tar éis an 12 Meitheamh 2021, dáta a 65ú breithlá.

- 24 Le rún an 18 Feabhra 2021, dhearbhaigh KRS nach raibh aon ghá le breithniú a dhéanamh ar iarratas L.G. tar éis a thabhairt faoi deara go ndearnadh é tar éis dhul in éag na tréimhse ama dá dtagraítear in Airteagal 69(1) den Dlí maidir le hEagrú na nGnáthchúirteanna.
- 25 Thug L.G. caingean i gcoinne an rúin sin os comhair an Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach).
- 26 Sna himthosca sin, chinn an Sąd Najwyższy (Izba Kontroli Nadzwyczajnej i Spraw Publicznych) [(an Chúirt Uachtarach (an Dlísheomra um Athbhreithniú Urghnách agus Gnóthaí Poiblí)] bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:
- ‘(1) An gcuireann an dara fohír d’Airteagal 19(1) CAE bac ar fhoráil den dlí náisiúnta, amhail an fhoráil sin a leagtar síos sa chéad abairt d’Airteagal 69(1)(b) den [Dlí maidir le hEagrú na nGnáthchúirteanna], rud a fhágann go bhfuil sé éifeachtach dearbhú ó bhreitheamh go bhfuil sé ar intinn aige leanúint dá dhualgais a chomhlíonadh mar bhreitheamh tar éis aois scoir a bhaint amach faoi réir údarú ó údarás eile?
- 2) An gcuireann an dara fohír d’Airteagal 19(1) CAE bac ar fhoráil náisiúnta a léiriú sa chaoi is go gciallaíonn sé nach bhfuil aon éifeacht ag an dearbhú déanach ó bhreitheamh go bhfuil sé ar intinn aige leanúint dá dhualgais mar bhreitheamh a chomhlíonadh tar éis dó aois scoir a bhaint amach, beag beann ar na himthosca inar mainníodh an teorainn ama a urramú agus a thábhachtaí atá sé nach gcomhlíontar an nós imeachta maidir le cead a thabhairt leanúint de dhualgais breithimh a chomhlíonadh?’

### **An nós imeachta os comhair na Cúirte**

- 27 Ós rud é, ina bharúlacha i scríbhinn, gur léirigh an Coimisiún amhras maidir le stádas ‘cúirte nó binse’ de réir bhrí Airteagal 267 CFAE, maidir le foirmiú an Dlísheomra um Athbhreithniú Urghnách agus Gnóthaí Poiblí den Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach) a rinne an iarraidh seo ar réamhrialú, d’iarr an Chúirt ar na páirtithe leasmhara uile an ghné sin a phlé ag an éisteacht.
- 28 Le hordú an 3 Samhain 2022, a fuarthas ag an gCúirt an 4 Samhain 2022, leag an chúirt a rinne an tarchur amach tosca éagsúla, dar léi, lena ndeimhnítear go bhfuil an stádas sin aici. Chuir KRS agus Rialtas na Polainne ábhair a bhí cosúil leo siúd a chuir an chúirt sin ar aghaidh isteach freisin agus pléadh iad ag an éisteacht os comhair na Cúirte.
- 29 Ar deireadh, tugadh an deis do na páirtithe leasmhara, tar éis na héisteachta, tuilleadh barúlacha i scríbhinn a chur isteach maidir leis na hábhair atá san ordú tagartha an 3 Samhain 2022. Bhain L.G., KRS, Rialtas na Beilge agus na hÍsiltíre agus an Coimisiún úsáid as an rogha sin.

### **Inghlacthacht na hiarrata ar réamhrialú**

- 30 Chuir an Coimisiún in iúl go raibh amhras air an gcomhlíonann an chúirt a rinne an tarchur, sa chás seo foirmiú breithiúna de chuid an Dlísheomra um Athbhreithniú Urghnách agus Gnóthaí Poiblí den Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach) (‘an Dlísheomra um Athbhreithniú Urghnách agus Gnóthaí Poiblí’), ar foirmiú é atá comhdhéanta de thriúr breithiúna den Dlísheomra sin, na ceanglais a eascraíonn as an dara fohír d’Airteagal 19(1) CAE, go háirithe maidir le binse arna bhunú roimhe sin le dlí, ar binse é a cheanglaítear ar chomhlacht a dhéanann tarchur a bheith ina ‘cúirt nó binse’ de réir bhrí Airteagal 267 CFAE.

- 31 Is léir ó na barúlacha i scríbhinn ón gCoimisiún go mbaineann amhras an Choimisiúin ina leith sin go sonrach, ar an gcéad dul síos, leis an gceapachán a rinne Uachtarán Phoblacht na Polainne, an 10 Deireadh Fómhair 2018, ar an triúr comhaltaí lena mbaineann ar an Dlísheomra um Athbhreithniú Urghnách agus Gnóthaí Poiblí ar bhonn na dtograí atá i Rún Uimh. 331/2018 a glacadh an 28 Lúnasa 2018 ag KRS ('Rún Uimh. 331/2018'), eadhon comhlacht ar cuireadh a neamhspleáchas faoi cheist go minic, lena n-áirítear i roinnt breithiúnas a thug an Chúirt le déanaí. Ar an dara dul síos, is comhdhearcadh é, mar is léir go háirithe ó bhreithiúnas an 6 Deireadh Fómhair 2021, *W.Ż. (Dlísheomra um Athbhreithniú Urghnách agus Gnóthaí Poiblí na Cúirte Uachtaraí – Ceapachán)* (C-487/19, 'an breithiúnas in *W.Ż.*', EU:C:2021:798), go raibh an rún sin, nuair a rinneadh na ceapacháin sin, ina ábhar achomhairc os comhair an Naczelnego Sądu Administracyjnego (an Ard-Chúirt Riaracháin), a chuir in-fhorfheidhmitheacht an rúin sin ar fionraí le hordú an 27 Meán Fómhair 2018.
- 32 I ndáil leis sin, tugann an Coimisiún dá aire gur chinn an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine, i mbreithiúnas an 8 Samhain 2021, *Dolińska-Ficek agus Ozimek v an Pholainn* (CE:ECHR:2021:1108JUD004986819) ('an breithiúnas in *Dolińska-Ficek agus Ozimek v an Pholainn*'), gur sáraíodh an ceanglas maidir le 'binse arna bhunú le dlí' a leagtar síos in Airteagal 6(1) den Choinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint, arna shíniú sa Róimh an 4 Samhain 1950 ('CECD'), mar gheall ar an bpróiseas as ar eascair, ar bhonn Rún Uimh. 331/2018, ceapadh comhaltaí de dhá fhoirmiú breithiúna sa Dlísheomra um Athbhreithniú Urghnách agus Gnóthaí Poiblí. Ina theannta sin, bhí breitheamh amháin ina shuí sa chúirt a rinne an tarchur a rinne an iarraidh seo ar réamhrialú ar cheann de na foirmithe sin.
- 33 Thairis sin, cuireann an Coimisiún in iúl, tar éis bhreithiúnas na Cúirte an 2 Márta 2021, *A.B. agus páirtithe eile (Ceapachán breithiúna don Chúirt Uachtarach – Caingne)* (C-824/18, 'an breithiúnas in *A.B. agus páirtithe eile*', EU:C:2021:153), gur cuireadh Rún Uimh. 331/2018 ar neamhní ag an Naczelnego Sądu Administracyjnego (an Ard-Chúirt Riaracháin) le breithiúnas an 21 Meán Fómhair 2021.
- 34 Go bunúsach, tá an t-amhras a chuir an Coimisiún in iúl ag L.G. agus ag Rialtas na Beilge agus ag Rialtas na hÍsiltíre araon.
- 35 Ina theannta sin, ina hordú an 3 Samhain 2022, a luaitear i mír 28 den bhreithiúnas seo, dúirt an chúirt a rinne an tarchur nár cuireadh ordú an Naczelnego Sądu Administracyjnego (an Ard-Chúirt Riaracháin) an 27 Meán Fómhair 2018 a chur forghníomhú Rún Uimh. 331/2018 ar fionraí, in iúl d'Uachtarán Phoblacht na Polainne ná do na daoine ar beartaíodh sa rún sin a gceapachán chun post mar bhreitheamh sa Dlísheomra um Athbhreithniú Urghnách agus Gnóthaí Poiblí, mar nach raibh na daoine lena mbaineann mar pháirtithe leasmhara, sa díospóid ar feitheamh os comhair na cúirte sin. Ina theannta sin, níor foilsíodh ach an chuid oibríochtúil den ordú sin de chuid an Naczelnego Sądu Administracyjnego (an Ard-Chúirt Riaracháin), a thugann le fios gur cuireadh in-fhorghníomhaitheacht Rún Uimh. 331/2018 ar fionraí 'sa chuid a bhí faoi chonspóid' an 28 Meán Fómhair 2018, agus níor foilsíodh na forais leis an ordú sin go poiblí go dtí an 19 Deireadh Fómhair 2018, naoi lá tar éis cheapachán na bpáirtithe leasmhara.
- 36 De réir na cúirte a rinne an tarchur, i bhfianaise na bhforálacha náisiúnta a bhí i bhfeidhm nuair a tugadh an chaingean i gcoinne Rún Uimh. 331/2018 os comhair an Naczelnego Sądu Administracyjnego (an Ard-Chúirt Riaracháin), ní raibh aon ní le moladh go bhféadfaí na tograí le haghaidh cheapadh na n-iarrthóirí arna roghnú ag KRS sa rún sin a iarraidh mar thoradh ar chaingean den sórt sin, ná, dá bhrí sin, cosc a chur ar Uachtarán Phoblacht na Polainne na hiarrthóirí sin a cheapadh. Faoi



- Airteagal 44(1b) den Dlí maidir le KRS, sa leagan a bhí i bhfeidhm an tráth sin, mura ndéanadh na rannpháirtithe uile sna himeachtaí an réiteach sin a dhíospóid, bheadh sé críochnaitheach agus, dá bhrí sin, bheadh sé in-fhorfheidhmithe maidir lena chuid lena n-áirítear na tograí le haghaidh ceapachán mar bhreitheamh den Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach). Thairis sin, an tráth a ceapadh na breithiúna atá sa chomhlacht tarchuir, ní raibh tús curtha le haon nós imeachta fós chun a dhearbhu nach bhfuil an fhoráil náisiúnta sin ag luí le dlí an Aontais Eorpaigh, ós rud é nár tarchuireadh ceisteanna chuig an gCúirt le haghaidh réamhrialú ina leith sin go dtí an 22 Samhain 2018 i gCás C-824/18, *A.B. agus páirtithe eile* (Breithimh a cheapadh don Chúirt Uachtarach — Caingne).
- 37 A mhéid a bhaineann le breithiúnas an Naczelný Sąd Administracyjny (an Ard-Chúirt Riaracháin) an 21 Meán Fómhair 2021, luaitear go sainráite ann nach mbaineann a éifeachtaí le bailíocht ná le héifeachtacht gníomhartha uachtaránachta lena gceaptar na breithiúna lena mbaineann, ós rud é nach bhfuil na gníomhartha sin faoi réir athbhreithniú breithiúnach.
- 38 Ar deireadh, maidir leis an bhfíoras gur ceapadh na breithiúna lena mbaineann don Dlísheomra um Athbhreithniú Urghnách agus Gnóthaí Poiblí ar bhonn rún ó KRS ina chomhdhéanamh nua mar thoradh ar chur chun feidhme Airteagal 9(a) den Dlí maidir le KRS, tá an chúirt a rinne an tarchur den tuairim nach leor an fíoras sin chun na breithiúna sin nó foirmiú na mbreithiúna ina bhfuil easpa neamhspleáchais acu a cháineadh, mar is léir ó chásdlí na Cúirte Breithiúnais agus ó chásdlí an Naczelný Sąd Administracyjny (an Ard-Chúirt Riaracháin).
- 39 Go bunúsach, roinneann Rialtas na Polainne agus KRS na seasaimh atá leagtha amach ag an gcúirt a rinne an tarchur.
- 40 De réir chásdlí socair na Cúirte, d'fhonn a chinneadh an 'cúirt nó binse' é an comhlacht a dhéanann tarchur de réir bhrí Airteagal 267 CFAE, ceist atá faoi rialú dhlí an Aontais amháin, agus, dá bhrí sin, chun a mheas an bhfuil an iarraidh ar réamhrialú inghlactha, cuireann an Chúirt san áireamh roinnt tosca, amhail, *inter alia*, an bhfuil sé bunaithe le dlí, an bhfuil sé buan, an bhfuil a dhlínse éigeantach, an bhfuil a nós imeachta idirpháirteach, an gcuireann sí rialacha dlí i bhfeidhm agus an bhfuil sé neamhspleách (breithiúnas an 29 Márta 2022, *Getin Noble Bank*, C-132/20, EU:C:2022:235, mír 66 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 41 Chinn an Chúirt cheana féin go gcomhlíonann an Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach) na ceanglais mar sin a meabhraíodh dá bhrí sin agus luaigh sí, i ndáil leis sin, nach mór a thoimhdiú, a mhéid a dhéanann cúirt náisiúnta iarraidh ar réamhrialú, go gcomhlíonann an chúirt sin na ceanglais sin gan beann ar a chomhdhéanamh iarbhir (féach, chuige sin, breithiúnas an 29 Márta 2022, *Getin Noble Bank*, C-132/20, EU:C:2022:235, míreanna 68 agus 69).
- 42 Is léir ó chásdlí socair na Cúirte, i gcomhthéacs nós imeachta um réamhrialú dá dtagraítear in Airteagal 267 CFAE, nach faoin gCúirt atá sé, i bhfianaise roinnt na bhfeidhmeanna idir an chúirt sin agus an chúirt náisiúnta, a fháil amach an ndearnadh an t-ordú tarchuir i gcomhréir leis na rialacha náisiúnta maidir le heagrú agus nós imeachta na gcúirteanna. Dá bhrí sin, ní mór don Chúirt í féin a theorannú don ordú tarchuir arna eisiúint ag cúirt de chuid Ballstáit, fad is nár cuireadh i leataobh é i gcomhthéacs aon leigheasanna dlíthiúla dá bhforáiltear leis an dlí náisiúnta (breithiúnas an 29 Márta 2022, *Getin Noble Bank*, C-132/20, EU:C:2022:235, mír 70 agus an cásdlí dá dtagraítear).

- 43 Cuireann an Chúirt san áireamh freisin, sa chomhthéacs sin, gurb é atá i gcloch choirnéil an chórais bhreithiúnaigh arna bhunú leis na Conarthaí an nós imeachta um réamhrialú dá bhforáiltear in Airteagal 267 CFAE, arb é is aidhm dó, trí idirphlé a bhunú idir an Chúirt Bhreithiúnais agus cúirteanna agus binsí na mBallstát, léiriú aonfhoirmeach ar dhlí an Aontais Eorpaigh a áirithiú, rud a fhágann gur féidir comhsheasmhacht, lánéifeacht agus neamhspleáchas a áirithiú agus, ar deireadh, cineál sonrach an dlí arna bhunú leis na Conarthaí (breithiúnas an 29 Márta 2022, *Getin Noble Bank*, C-132/20, EU:C:2022:235, mír 71 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 44 Mar sin féin, tá sé ráite ag an gCúirt freisin, i gcás foirmiú breithiúnach aonair, go bhféadfar an toimhde dá dtagraítear i mír 41 den bhreithiúnas seo a fhrisnéis i gcás ina mbainfí de thátal as cinneadh breithiúnach críochnaitheach arna thabhairt ag cúirt Ballstáit nó ag cúirt idirnáisiúnta nach bhfuil stádas binse neamhspleách neamhchlaonta arna bhunú roimhe sin le dlí ag an gcúirt arb í an chúirt a rinne an tarchur í, de réir bhrí an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, arna léamh i bhfianaise an dara mír d'Airteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt') (breithiúnas an 29 Márta 2022, *Getin Noble Bank*, C-132/20, EU:C:2022:235, mír 72).
- 45 I ndáil leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara, ar dtús, go dtagann an breithiúnas in *Dolińska-Ficek agus Ozimek v an Pholainn* ón gCúirt Eorpach um Chearta an Duine agus breithiúnas Naczelny Sąd Administracyjny (an Ard-Chúirt Riaracháin) an 21 Meán Fómhair 2021, a raibh an Coimisiún ag brath air, ó chúirt idirnáisiúnta agus ó chúirt de chuid Ballstáit faoi seach, agus gur breithiúnas críochnaitheach iad araon. Thairis sin, baineann na breithiúnais sin go sonrach leis na himthosca inar ceapadh breithiúna an Dlísheomra um Athbhreithniú Urghnách agus Gnóthaí Poiblí ar bhonn Rún Uimh. 331/2018.
- 46 Sna himthosca sin, is gá, sa chás seo, scrúdú a dhéanamh an amhlaidh atá na cinntí agus na measúnuithe a rinne an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine sa bhreithiúnas in *Dolińska-Ficek agus Ozimek v an Pholainn* i bhfianaise Airteagal 6(1) de CECD, i gcomhar leis na cinntí agus na measúnuithe a rinne an Naczelny Sąd Administracyjny (an Ard-Chúirt Riaracháin) ina breithiúnas an 21 Meán Fómhair 2021, de chineál a d'fhéadfadh a bheith i gceannas ar an gCúirt, is faoin gcúirt sin amháin atá sé dlí an Aontais Eorpaigh a léiriú, a mheas, i bhfianaise a cásdlí féin, nach bhfuil stádas binse neamhspleách neamhchlaonta arna bhunú roimhe sin le dlí, de réir bhrí an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, arna léamh i bhfianaise an dara mír d'Airteagal 47 den Chairt, ag bunú an Dlísheomra um Athbhreithniú Urghnách agus Gnóthaí Poiblí a tharchuir é le haghaidh réamhrialú sa chás seo, agus, dá bhrí sin, nach gcomhlíonann an foirmiú sin na ceanglais a leagtar amach i mír 40 den bhreithiúnas seo chun go bhféadfar é a aicmiú mar 'c[h]úirt nó binse' de réir bhrí Airteagal 267 CFAE.
- 47 Maidir leis an mbreithiúnas in *Dolińska-Ficek agus Ozimek v an Pholainn*, ar an gcéad dul síos, thosaigh an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine ag meabhrú di, i míreanna 272 go 280 den bhreithiúnas sin, a cásdlí ar dá réir a chuimsítear leis an gcoincheap 'binse arna bhunú le dlí', de réir bhrí Airteagal 6(1) ECHR, arb é is cuspóir dó, *inter alia*, na breithiúna a chosaint ó aon tionchar seachtrach neamhrialta a eascraíonn go háirithe ón bhfeidhmeannas, ach ón reachtas, nó fiú ón mbreithiúnas féin, lena gcuimsítear comhlíonadh na rialacha náisiúnta lena rialaítear ceapachán breithiúna, ar rialacha iad nach mór a dhréachtú i dtéarmaí aonchiallacha. Mheabhraigh sí freisin gur lean sí as an gcásdlí sin go bhfuil dlúthnaisc ag an gcoincheap sin leis na ráthaíochtaí 'neamhspleáchais' agus 'neamhchlaonachta', de réir bhrí Airteagal 6(1) de CECD. Tá na ceanglais sin dírithe, i gcoiteann, ar phrionsabail bhunúsacha an smachta reachta agus scaradh na gcumhachtaí a chomhlíonadh, ionas nach mór scrúdú córasach a dhéanamh ar an

scrúdú a dhéantar ar an gceanglas maidir le 'binse arna bhunú le dlí' i dtaobh an bhfuil an neamhrialtacht a líomhnaítear i gcás ar leith chomh tromchúiseach sin gur bhain sí an bonn de na prionsabail sin agus gur chuir sí neamhspleáchas na cúirte atá i gceist i mbaol.

- 48 Mar thaca lena cinneadh gur sáraíodh Airteagal 6(1) de CECD sa chás seo, thug an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine dá haire, go bunúsach, i míreanna 281 go 338 den bhreithiúnas in *Dolińska-Ficek agus Ozimek v an Pholainn*, go ndearnadh ceapacháin chomhaltaí na bhfoirmithe i dtrácht den Dlísheomra um Athbhreithniú Urghnách agus Gnóthaí Poiblí de shárú soiléir ar na rialacha bunúsacha náisiúnta lena rialaítear an nós imeachta chun breithiúna a cheapadh. Bunaíodh an cinneadh sin, *inter alia*, ar chinntí éagsúla arna nglacadh ag an Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach), eadhon breithiúnas an 5 Nollaig 2019 arna thabhairt ag an Dlísheomra um Shaothar agus um Shlándaíl Shóisialta na cúirte sin agus rún an 23 Eanáir 2020 a ghlac Dlísheomra Sibhialta, Dlísheomra Coiriúil agus Dlísheomra Saothair agus Árachais Shóisialta na cúirte sin go comhpháirteach, a glacadh araon tar éis bhreithiúnas na Cúirte an 19 Samhain 2019, *A. K. agus páirtithe eile* (Neamhspleáchas Dhlísheomra Araíonachta na Cúirte Uachtaraí) (C-585/18, C-624/18 agus C-625/18, EU:C:2019:982), agus breithiúnas an 21 Bealtaine 2019 lenar chuir an chúirt náisiúnta chéanna tarchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú sa chás ar eascair an breithiúnas in *W.Ż.*
- 49 I ndáil leis sin, ar an gcéad dul síos, mar is léir ó mhíreanna 309 go 312 agus 320 den bhreithiúnas in *Dolińska-Ficek agus Ozimek v an Pholainn*, thug an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine dá haire an easpa ráthaíochtaí leordhóthanacha maidir le neamhspleáchas KRS ó chumhachtaí reachtacha agus feidhmiúcháin ina chomhdhéanamh nua de thoradh ar chur chun feidhme Airteagal 9(a) den Dlí maidir le KRS. Thuig sí as sin go ndearnadh ceapachán na mbreithiúna lena mbaineann chuig an Dlísheomra um Athbhreithniú Urghnách agus Gnóthaí Poiblí, ar bhonn Rún Uimh. 331/2018, de shárú ar na prionsabail bhunreachtúla lena rialaítear feidhmiú KRS, amhail prionsabail scaradh na gcumhachtaí agus neamhspleáchas na mbreithiúna, agus mar thoradh air sin nach bhféadfaí na breithiúna sin a mheas mar bhreithiúna neamhspleácha neamhchlaonta.
- 50 Ar an dara dul síos, rinne an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine tagairt, i míreanna 321 go 338 den bhreithiúnas in *Dolińska-Ficek agus Ozimek v an Pholainn*, don fhíoras gur ceapadh na breithiúna sin ag Uachtarán Phoblacht na Polainne cé gur cuireadh ar fionraí le hordú ón Naczelný Sąd Administracyjny (an Ard-Chúirt Riaracháin) an 27 Meán Fómhair 2018 in-fhorfheidhmitheacht Rún Uimh. 331/2018 ina raibh na tograí maidir le ceapadh na ndaoine lena mbaineann sna poist atá le líonadh sa Dlísheomra um Athbhreithniú Urghnách agus Gnóthaí Poiblí.
- 51 I ndáil leis an méid sin, is léir ón mbreithiúnas in *Dolińska-Ficek agus Ozimek v an Pholainn*, go háirithe míreanna 330 agus 338 de, gur chinn an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine, *inter alia*, gur léirigh ceapacháin a rinneadh sna himthosca sin, ar thaobh an fheidhmeannais, séanadh as cuimse ar údarás, neamhspleáchas agus ról na mbreithiúna agus go raibh siad ceaptha d'aon ghnó chun cúrsa éifeachtach ceartais a chosc, agus mar thoradh air sin gur ghá iad a mheas mar shárú neamhnáireach ar Airteagal 6(1) de CECD agus go raibh siad ar neamhréir go follasach le prionsabal an smachta reachta.
- 52 I míreanna 331 go 333 den bhreithiúnas sin, chuir an chúirt sin in iúl freisin go raibh tromchúis an tsáraithe sin níos cruthaithe, sa chás seo, i bhfianaise thábhacht bhunúsach agus íogaireacht na gcumhachtaí a dílsíodh don Dlísheomra um Athbhreithniú Urghnách agus Gnóthaí Poiblí.

- 53 Cé gur fíor, maidir leis an seisear breithiúna a dhéanann suas foirmithe an Dlísheomra um Athbhreithniú Urghnách agus Gnóthaí Poiblí atá i gceist sna cásanna ba chúis leis an mbreithiúnas in *Dolińska-Ficek agus Ozimek v an Pholainn*, nach bhfuil ach duine amháin acu laistigh de fhoirmiú an Dlísheomra sin a rinne an iarraidh seo ar réamhrialú, is léir, áfach, ó fhorais an bhreithiúnais sin, go bhfuil feidhm gan idirdhealú ag na measúnuithe a rinne an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine maidir le breithiúna uile an Dlísheomra sin a ceapadh chuige in imthosca comhchosúla agus, go háirithe, ar bhonn Rún Uimh. 331/2018.
- 54 Sa dara háit, maidir le breithiúnas Naczelný Sąd Administracyjny (an Ard-Chúirt Riaracháin) an 21 Meán Fómhair 2021, ba cheart a thabhairt faoi deara, leis an mbreithiúnas sin, a tugadh tar éis an bhreithiúnais in *A.B. agus páirtithe eile*, gur chuir an chúirt náisiúnta Rún Uimh. 331/2018 ar neamhní lena n-áirítear ina cuid inar moladh na breithiúna dá dtagraítear sa mhír roimhe seo, ag brath, *inter alia*, ar thorthaí agus ar mheasúnuithe atá ag forluí tríd is tríd leo siúd a leagtar amach sa bhreithiúnas in *Dolińska-Ficek agus Ozimek v an Pholainn* agus i gcinntí an Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach) dá dtagraítear i mír 48 den bhreithiúnas seo.
- 55 I Ranna 7.1 go 7.6 dá breithiúnas an 21 Meán Fómhair 2021, chinn an Naczelný Sąd Administracyjny (an Ard-Chúirt Riaracháin) ar an gcéad dul síos, maidir leis na leasuithe a rinneadh ar Airteagal 44 den Dlí maidir le KRS le dlíthe an 8 Nollaig 2017 agus an 20 Iúil 2018, dá dtagraítear i mír 18 den bhreithiúnas seo, go raibh na leigheasanna a bhí ar fáil roimhe sin i gcoinne rúin KRS lena moladh iarrthóirí a cheapadh do na poist mar bhreitheamh den Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach) bainte díobh. Ar an dara dul síos, thug sí dá haire, cé gur tugadh sraith caingne den chineál sin os a comhair, go ndearnadh Airteagal 44 a leasú arís ina dhiaidh sin le Dlí an 26 Aibreán 2019 dá dtagraítear i míreanna 20 agus 21 den bhreithiúnas seo, rud a d'fhág nach bhféadfaí na caingne sin a thabhairt amach anseo fós, agus gur foráladh leis an dlí deireanach sin go mbeadh na caingne a bhí ar feitheamh dá bhrí sin os comhair an Naczelný Sąd Administracyjny (an Ard-Chúirt Riaracháin) ina n-ábhar gan aon ghá le breithniú a dhéanamh.
- 56 Maidir leis na leasuithe reachtacha sin, mheas an Naczelný Sąd Administracyjny (an Ard-Chúirt Riaracháin) gurbh fhollas, arna measúnú ina gcomhthéacs fíorasach agus dlíthiúil, go raibh sé i gceist leo cúirt a chosc ó scrúdú a dhéanamh ar a mhéid a d'fhéadfadh sé go gcomhlíonadh na breithiúna a ceapadh le déanaí chuig an Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach) ar thogra ó KRS ina chomhdhéanamh nua na ceanglais a eascraíonn as an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE agus, dóibh siúd a tugadh isteach le Dlí an 26 Aibreán 2019, cosc a chur ar an gCúirt rialú a dhéanamh ina leith sin. Mheas an Naczelný Sąd Administracyjny (an Ard-Chúirt Riaracháin) freisin go gcuideodh imthosca den sórt sin le hamhras sistéamach a chruthú ar thaobh daoine aonair i dtaobh ar chomhlíon breithiúna a ceapadh ar an mbealach sin na ceanglais sin.
- 57 Maidir leis na heilimintí a chomhdhéanann an comhthéacs dlíthiúil agus fíorasach dá dtagraítear sa mhír roimhe seo, ina ndearnadh na leasuithe reachtacha sin, rinne an Naczelný Sąd Administracyjny (an Ard-Chúirt Riaracháin), mar is léir ó Ranna 7.5 agus 7.6 dá breithiúnas an 21 Meán Fómhair 2021, tagairt do roinnt tosca. I ndáil leis sin, chuir an chúirt sin in iúl, ar an gcéad dul síos, mar thoradh ar Dhlí an 8 Nollaig 2017, gur laghdaíodh téarma oifige chomhaltaí KRS an tráth sin agus gur athraíodh comhdhéanamh an chomhlachta sin, rud a d'fhág go raibh méadú suntasach tagtha ar thionchar na gcumhachtaí reachtacha agus feidhmiúcháin laistigh den chomhlacht sin. Ar an dara dul síos, thug sí dá haire go raibh athrú tagtha ar chomhdhéanamh KRS tráth a raibh sé beartaithe líon an-mhór post a líonadh laistigh den Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach). Ar an tríú dul síos, thagair sé d'amhras agus easpa trédhearcachta maidir leis na coinníollacha faoinar tharla an próiseas chun comhaltaí KRS nua a

- cheapadh agus fuair sé amach, i bhfianaise chomhdhéanamh iarbhír an chomhlachta sin agus na gníomhaíochta a rinne an comhlacht sin, nach raibh an comhlacht sin neamhspleách ar na cumhachtaí reachtacha agus feidhmiúcháin a thuilleadh. Ar an gceathrú dul síos, chuir sí in iúl nach mbaineann na leasuithe reachtacha dá dtagraítear i mír 55 den bhreithiúnas seo ach le rúin ó KRS lena moltar iarrthóirí a cheapadh mar bhreithimh den Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach) seachas iad siúd a mhol iarrthóirí le haghaidh ceapacháin mar bhreithimh i gcúirteanna náisiúnta eile.
- 58 I bhfianaise chásdlí na Cúirte féin maidir le léiriú an dara fómhair d'Airteagal 19(1) CAE, arna léamh i bhfianaise an dara mír d'Airteagal 47 den Chairt, na cinntí agus na measúnuithe a rinne an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine sa bhreithiúnas in *Dolińska-Ficek agus Ozimek v an Pholainn* agus ag an Naczelny Sąd Administracyjny (an Ard-Chúirt Riaracháin) ina breithiúnas an 21 Meán Fómhair 2021, mar a thuairiscítear i míreanna 47 go 57 den bhreithiúnas seo, thángthas ar an gconclúid nach bhfuil stádas binse neamhspleách neamhchlaonta arna bhunú roimhe sin le dlí, de réir bhrí na bhforálacha sin dhlí an Aontais, ag foirmiú an Dlísheomra um Athbhreithniú Urghnách agus Gnóthaí Poiblí a rinne an iarraidh seo ar réamhrialú, de bharr na socrúithe lena rialaítear ceapadh na mbreithiúna a chomhdhéanann é, agus, mar thoradh air sin, nach ionann an foirmiú sin agus 'cúirt nó binse' de réir bhrí Airteagal 267 CFAE.
- 59 I ndáil leis sin, is gá a mheabhrú na naisc dhoscartha atá ann, faoi théarmaí an dara mír d'Airteagal 47 den Chairt, chun críocha an chirt bhunúsaigh chun triail chóir a fháil, de réir bhrí na forála sin, idir ráthaíochtaí maidir le neamhspleáchas agus neamhchlaontacht na mbreithiúna agus rochtain ar bhinse arna bhunú roimhe sin le dlí (breithiúnas an 22 Feabhra 2022, *Openbaar Ministerie* (Binse arna bhunú le dlí sa Bhallstát eisiúna), C-562/21 PPU agus C-563/21 PPU, EU:C:2022:100, mír 55).
- 60 Maidir leis an bpróiseas chun breithiúna a cheapadh, go háirithe, chinn an Chúirt, ag féachaint do na hiarmhairtí bunúsacha a ghabhann leis an bpróiseas sin d'fheidhmiú cuí agus dlisteanacht na mbreithiúna i Stát daonlathach arna rialú ag an smacht reachta, gur gá go mbeadh próiseas den sórt sin ina ghné dhílis den choincheap 'binse a bunaíodh roimhe sin le dlí', de réir bhrí Airteagal 47 den Chairt, agus é á shonrú go ndéantar neamhspleáchas binse, de réir bhrí na forála sin, a thomhas, *inter alia*, tríd an gcaoi ar ceapadh a chomhaltaí (féach, chuige sin, breithiúnas an 22 Feabhra 2022, *Openbaar Ministerie* (Binse arna bhunú le dlí sa Bhallstát eisiúna), C-562/21 PPU agus C-563/21 PPU, EU:C:2022:100, mír 57 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 61 Mar is léir ó chásdlí socair na Cúirte, maidir leis na ráthaíochtaí neamhspleáchais agus neamhchlaontachta a cheanglaítear faoi dhlí an Aontais maidir leis na cúirteanna agus na binsí a n-iarrtar orthu dlí an Aontais a léiriú nó a chur i bhfeidhm, is gá rialacha a bheith ann, go háirithe na rialacha sin a bhaineann le comhdhéanamh an chomhlachta agus ceapadh a chomhaltaí, rud a fhágann gur féidir aon amhras dlisteanach in intinn daoine aonair a dhíbirt maidir le neamh-thréscaoilteacht an chomhlachta sin i ndáil le tosca seachtracha agus a neodracht maidir leis na leasanna atá os a chomhair (an breithiúnas in *W.Ż.*, míreanna 109 agus 128 agus an cásdlí dá dtagraítear). Tá ceanglas sin an neamhspleáchais bhreithiúnaigh, ar gné dhílis de chúram an bhreithniúcháin é, ina chuid de bhunbhrí an chirt chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil agus an chirt bhunúsaigh chun triail chóir a fháil, a bhfuil tábhacht ar leith ag baint leis mar ráthaíocht ar chosaint na gceart uile a eascraíonn as dlí an Aontais agus ar chaomhnú na luachanna is coiteann do na Ballstáit a leagtar amach in Airteagal 2 CAE, go háirithe luach an smachta reachta (breithiúnas an 15 Iúil 2021, *an Coimisiún v an Pholainn* (Córas araíonachta do bhreithiúna), C-791/19, EU:C:2021:596, mír 58 agus an cásdlí dá dtagraítear).

- 62 I ndáil leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara ag an tús gur chinn an Chúirt, sa bhreithiúnas in *W.Ż.*, i gcomhthéacs cás a bhain le cinneadh a ghlac an Dlísheomra um Athbhreithniú Urghnách agus Gnóthaí Poiblí, ina shuí mar bhreitheamh aonair, nach mór an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE a léiriú mar ní a chiallaíonn nach féidir foirmiú den sórt sin a mheas mar bhinse neamhspleách neamhchlaonta arna bhunú roimhe sin le dlí, chun críocha na forála sin, cé gur léir ó na coinníollacha agus ó na himthosca uile inar tharla an próiseas chun an breitheamh aonair sin a cheapadh go ndearnadh an ceapachán sin de shárú follasach ar rialacha bunúsacha atá ina gcuid dhílis de bhunú agus d'fheidhmiú an chórais bhreithiúnaigh lena mbaineann agus go gcuirtear sláine an toraidh a d'eascair as an bpróiseas sin i mbaol trí amhras dlisteanach a chruthú, in aigne na ndaoine, maidir le neamhspleáchas agus neamhchlaontacht an bhreithimh lena mbaineann.
- 63 Sa chás seo, ba cheart a thabhairt faoi deara, ar an gcéad dul síos, mar is léir ó mhír 146 den bhreithiúnas in *W.Ż.*, agus i gcomhréir le measúnuithe na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine agus an Naczelny Sąd Administracyjny (an Ard-Chúirt Riaracháin) dá dtagraítear, faoi seach, i míreanna 49 agus 57 den bhreithiúnas seo, gur ceann de na coinníollacha agus de na himthosca sin é na breithiúna a rinne an foirmiú tarchuir den Dlísheomra um Athbhreithniú Urghnách agus Gnóthaí Poiblí a d'iarr ar an gCúirt sa chás seo a cheapadh chuig an dlísheomra sin ar thogra ó KRS ina chomhdhéanamh nua mar thoradh ar chur chun feidhme Airteagal 9(a) den Dlí maidir le KRS. I mír 146, thagair an Chúirt, amhail an dá chúirt eile sin, go sonrach, i ndáil leis sin, don fhíoras gur giorraíodh téarma oifige reatha roinnt de chomhaltaí KRS, arbh í ceithre bliana tréimhse a dtéarma oifige i gcomhréir le hAirteagal 187(3) den Bhunreacht, agus gurbh é an Sejm (an Pharlaimint), faoi Airteagal 9(a) den Bhunreacht, a thogh na cúig chomhalta déag de KRS ar breithiúna iad a bhí tofa ag a bpiaraí roimhe sin, agus gurb é an toradh a bhí air sin gurbh é an Sejm (an Pharlaimint) a cheap 23 chomhalta den 25 chomhalta atá sa chomhlacht sin ag cumhachtaí feidhmiúcháin agus reachtacha na Polainne nó gur comhaltaí de na cumhachtaí sin iad.
- 64 Is léir ó chásdlí na Cúirte go bhfuil comhlacht, amhail Comhairle Náisiúnta na mBreithiúna, a bhfuil baint aige leis an bpróiseas chun breithiúna a cheapadh, comhdhéanta den chuid is mó de chomhaltaí arna roghnú ag an reachtas, mar gheall ar amhras a bheith ann féin maidir le stádas binse arna bhunú roimhe sin le dlí agus maidir le neamhspleáchas na mbreithiúna a ceapadh ag deireadh an phróisis sin. Mar sin féin, de réir an chásdlí sin, tá an cás difriúil i gcás ina dtagann amhras den sórt sin in iúl mar gheall ar an imthoisc sin, in éineacht le tosca ábhartha eile agus na himthosca ina ndearnadh na roghanna sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 22 Feabhra 2022, *Openbaar Ministerie* (Binse arna bhunú le dlí sa Bhallstát eisiúna), C-562/21 PPU agus C-563/21 PPU, EU:C:2022:100, míreanna 74 agus 75 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 65 I ndáil leis sin, chuir an Chúirt in iúl cheana féin roinnt uaireanta go ndearnadh na leasuithe reachtacha dá dtagraítear i mír 63 den bhreithiúnas seo ag an am céanna a ghlacadh, le Dlí an 8 Nollaig 2017, athchóiriú suntasach ar an Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach), lena n-áirítear, *inter alia*, dhá dhlísheomra nua a chruthú laistigh den chúirt sin, eadhon an Dlísheomra Araíonachta agus an Dlísheomra um Athbhreithniú Urghnách agus Gnóthaí Poiblí, agus aois scoir bhreithiúna an Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach) a laghdú. De réir mar a chuir an Naczelny Sąd Administracyjny (an Ard-Chúirt Riaracháin) in iúl freisin ina breithiúnas an 21 Meán Fómhair 2021, tharla na leasuithe sin tráth a líonfaí go leor post breithiúnach sa Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach) go luath (féach, chuige sin, breithiúnais an 15 Iúil 2021, *an Coimisiún v an Pholainn* (Córas araíonachta do bhreithiúna), C-791/19, EU:C:2021:596, míreanna 106 agus 107 agus an cásdlí dá dtagraítear, agus an breithiúnas in *W.Ż.*, mír 150).

- 66 Ar an dara dul síos, ní mór a chur san áireamh freisin gur sannadh dlínse ar an Dlísheomra um Athbhreithniú Urghnách agus Gnóthaí Poiblí a bunaíodh mar sin *ex nihilo* laistigh den Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach) agus ar ceapadh a bhreithiúna ar thogra ó KRS ina chomhdhéanamh nua, mar is léir ó Airteagal 26(1) den Dlí maidir leis an gCúirt Uachtarach, agus mar a thug an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine dá aire freisin sa bhreithiúnas in *Dolińska-Ficek agus Ozimek v an Pholainn*, ar dlínse í in ábhair atá thar a bheith íogair, amhail díospóidí toghcháin agus imeachtaí a bhaineann le reifreann a réachtáil, cásanna eile arna rialú ag an dlí poiblí, go háirithe na cásanna sin a liostaítear san fhoráil sin, nó caingne urghnácha chun cinntí críochnaitheacha na ngnáthchúirteanna nó dlísheomraí eile de chuid an Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach) a chur ar neamhní.
- 67 Ar an tríú dul síos, ní mór a thabhairt faoi deara, i gcomhthráth leis na leasuithe reachtacha dá dtagraítear i mír 63 den bhreithiúnas seo, go ndearnadh leasú substaintiúil ar na rialacha atá in Airteagal 44 den Dlí maidir le KRS maidir leis na leigheasanna breithiúnacha atá ar fáil i gcoinne rúin ó KRS lena moltar iarrthóirí lena gceapadh mar bhreithimh den Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach), mar is léir ó mhíreanna 17 agus 18 agus ón mbreithiúnas seo.
- 68 Agus í ag iarraidh rialú a dhéanamh i bhfianaise na leasuithe den chineál sin, tá béim leagtha ag an gCúirt ar chineál achrannach na bhforálacha lena gcuirtear ar neamhní éifeachtacht na leigheasanna breithiúnacha den chineál sin a bhí ann go dtí seo, go háirithe i gcás ina ndealraíonn sé, in aigne daoine aonair, go bhfuil glacadh na leigheasanna sin, arna mbreithniú in éineacht le tosca ábhartha eile lena léirítear an próiseas ceapacháin chuig poist cúirte uachtaraí náisiúnta i gcomhthéacs náisiúnta dlíthiúil agus fíorasach, de chineál sistéamach maidir le neamhspleáchas agus neamhchlaontacht na mbreithiúna a ceapadh ag deireadh an phróisis sin (féach, chuige sin, breithiúnas in *A.B. agus páirtithe eile*, mír 156).
- 69 Ar an gcéad dul síos, thug an Chúirt, amhail an Naczelny Sąd Administracyjny (an Ard-Chúirt Riaracháin) dá haire, ina breithiúnas an 21 Meán Fómhair 2021, i ndáil leis sin, nach raibh aon fhíoréifeachtacht ag baint le caingean amhail an chaingean dá bhforáiltear in Airteagal 44(1a) go (4) den Dlí maidir le KRS, sa leagan a d'eascair as Dlíthe an 8 Nollaig 2017 agus an 20 Iúil 2018, agus dá bhrí sin nach raibh ann ach leigheas breithiúnach. Ina dhiaidh sin, chuir sí in iúl nach mbaineann na srianta a tugadh isteach leis na dlíthe sin ach le caingne a tionscnaíodh i gcoinne rúin ó KRS a bhaineann le hiarratais ar sheasaimh bhreithiúnacha a chur isteach ag an Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach), cé go raibh rúin KRS a bhaineann le hiarratais ar sheasaimh bhreithiúnacha i gcúirteanna náisiúnta eile fós faoi réir an chórais ghinearálta athbhreithnithe bhreithiúnaigh a bhí i bhfeidhm roimhe sin. Ar deireadh, chinn sí go ndearnadh na leasuithe reachtacha sin, mar a luadh cheana i mír 65 den bhreithiúnas seo, go gairid sular iarradh ar KRS ina chomhdhéanamh nua rialú a thabhairt ar na hiarratais a cuireadh isteach chun líon mór post mar bhreitheamh sa Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach) a líonadh, ar dearbhaíodh go raibh siad folamh nó nuachruthaithe (féach, chuige sin, breithiúnas in *A.B. agus páirtithe eile*, míreanna 157, 162 agus 164).
- 70 Ar an gceathrú dul síos, i míreanna 138 agus 139 den bhreithiúnas in *W.Ż.*, thug an Chúirt dá haire freisin, nuair a ceapadh, ar bhonn Rún Uimh. 331/2018, an comhalta den Dlísheomra um Athbhreithniú Urghnách agus Gnóthaí Poiblí lena mbaineann an cás ba chúis leis an mbreithiúnas sin, gur ordaigh an Naczelny Sąd Administracyjny (an Ard-Chúirt Riaracháin), a thug caingean chun an rún sin a neamhniú, an 27 Meán Fómhair 2018, go gcuirfí oibriú an rún sin ar fionraí. Tá an fíoras céanna sin, arna thabhairt chun suntais ag an gCúirt Eorpach um Chearta an Duine

freisin sa bhreithiúnas in *Dolińska-Ficek agus Ozimek v an Pholainn*, fíor maidir le ceapadh an triúr comhaltaí a shuíonn ar fhoirmiú breithiúna an Dlísheomra um Athbhreithniú Urghnách agus Gnóthaí Poiblí a rinne an iarraidh seo ar réamhrialú.

- 71 I ndáil leis sin, is fíor gur áitigh an chúirt a rinne an tarchur, ina hordú an 3 Samhain 2022, nár seirbheáladh ordú Naczelny Sąd Administracyjny (an Ard-Chúirt Riaracháin) an 27 Meán Fómhair 2018 ar na hiarrthóirí do phost mar bhreitheamh laistigh den Dlísheomra um Athbhreithniú Urghnách agus Gnóthaí Poiblí, ar ghlac KRS leo ina Rún Uimh. 331/2018 nó ar Uachtarán Phoblacht na Polainne, toisc nach raibh stádas páirtithe sa díospóid acu an tráth sin ar feitheamh os comhair an Naczelny Sąd Administracyjny (an Ard-Chúirt Riaracháin). Luaigh sé freisin nár cuireadh forais an ordaithe dheireanaigh sin ar fáil don phobal láithreach.
- 72 Mar sin féin, mar a deimhníodh sa chás seo, leis an bhfaisnéis a chuir L.G. agus an Coimisiún ar fáil don Chúirt agus gur léir freisin ó mheasúnuithe na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine sa bhreithiúnas in *Dolińska-Ficek agus Ozimek v an Pholainn*, ní fhéadfadh sé, tráth a rinneadh ceapacháin na dtí bhreitheamh a rinne an tarchur chuig an Dlísheomra um Athbhreithniú Urghnách agus Gnóthaí Poiblí, neamhaird a thabhairt, go háirithe, d'Uachtarán Phoblacht na Polainne, go raibh éifeachtaí an rúin sin curtha ar fionraí le cinneadh breithiúnach críochnaitheach de chuid an Naczelny Sąd Administracyjny (an Ard-Chúirt Riaracháin).
- 73 Dá bhrí sin, toisc go ndearnadh, mar ábhar práinne agus gan fanacht ar an eolas faoi fhorais ordú Naczelny Sąd Administracyjny (an Ard-Chúirt Riaracháin) an 27 Meán Fómhair 2018, na ceapacháin atá i gceist ar bhonn Rún Uimh. 331/2018, a cuireadh ar fionraí leis an ordú sin áfach, bhain siad an bonn go mór de phrionsabal dheighilt na gcumhachtaí atá ina shaintréith d'fheidhmiú an smachta reachta (féach, chuige sin, breithiúnas *W.Ż.*, mír 127), mar a bhí ag an gCúirt Eorpach um Chearta an Duine in *Dolińska-Ficek agus in Ozimek v an Pholainn*.
- 74 Sa chúigiú háit, cé gur tugadh caingean chun Rún Uimh. 331/2018 a chur ar neamhní os comhair an Naczelny Sąd Administracyjny (an Ard-Chúirt Riaracháin) agus gur chuir sí bac ar imeachtaí na díospóide sin ar feitheamh bhreithiúnas na Cúirte i gCás C-824/18, *A.B. agus páirtithe eile*, ghlac reachtas na Polainne Dlí an 26 Aibreán 2019 dá dtagraítear i míreanna 20 agus 21 den bhreithiúnas seo.
- 75 Maidir leis na leasuithe a tugadh isteach leis an dlí sin, chinn an Chúirt cheana féin, i míreanna 137 agus 138 den bhreithiúnas in *A.B. agus páirtithe eile*, go háirithe i gcás ina meastar iad i gcomhar le sraith eilimintí comhthéacsúla eile dá dtagraítear i míreanna 99 go 105 agus 130 go 135 den bhreithiúnas sin, go bhfuil leasuithe den sórt sin de chineál a thabharfadh le tuiscint gur ghníomhaigh reachtas na Polainne, sa chás seo, agus é mar aidhm shonrach aige cosc a chur ar aon fhéidearthacht athbhreithniú breithiúnach a fheidhmiú i ndáil le rúin ó KRS inar moladh breithiúna a cheapadh laistigh den Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach), méid a dhearbhaigh, idir an dá linn, an Naczelny Sąd Administracyjny (an Ard-Chúirt Riaracháin) ina breithiúnas an 21 Meán Fómhair 2021, mar is léir ó mhír 56 den bhreithiúnas seo.
- 76 Sa séú háit agus ar deireadh, ní mór a chur san áireamh gur chuir an Naczelny Sąd Administracyjny (an Ard-Chúirt Riaracháin) Rún Uimh. 331/2018 ar neamhní ina breithiúnas an 21 Meán Fómhair 2021, go háirithe, mar is léir ó Roinn 10 den bhreithiúnas sin, i bhfianaise na dtorthaí agus na measúnuithe dá dtagraítear i míreanna 55 go 57 thuas. Cé gur fíor, mar a chuir an chúirt a rinne an tarchur ina ordú an 3 Samhain 2022, nach mbaineann éifeachtaí an bhreithiúnais sin an 21 Meán Fómhair 2021 le bailíocht ná le héifeachtacht na ngníomhartha uachtaránachta lena gceaptar na breithiúna lena mbaineann, ní mór a mheabhrú mar sin féin,



mar a rinne an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine i mír 288 den bhreithiúnas in *Dolińska-Ficek agus Ozimek v an Pholainn*, faoi Airteagal 179 den Bhunreacht, an gníomh lena molann KRS iarrthóir le bheith ceaptha do phost mar bhreitheamh ag an Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach) is coinníoll bunriachtanach é an Chúirt chun go ndéanfaidh Uachtarán Phoblacht na Polainne an t-iarrthóir sin a cheapadh do phost den sórt sin (breithiúnas an 15 Iúil 2021, *an Coimisiún v an Pholainn* (Córas araíonachta do bhreithiúna), C-791/19, EU:C:2021:596, mír 101 agus an cásdlí dá dtagraítear).

- 77 Leanann as an méid sin roimhe seo, i dteannta a chéile, gurb é an toradh atá ar na heilimintí sistéamacha agus imthoisceacha go léir, dá dtagraítear i míreanna 47 go 57 den bhreithiúnas seo, ar thaobh amháin, agus i míreanna 62 go 76 den bhreithiúnas sin, ar an taobh eile, arb iad saintréithe an triúr breithiúna arb iad an comhlacht tagartha iad a cheapadh sa Dlísheomra um Athbhreithniú Urghnách agus Gnóthaí Poiblí sa chás seo, nach bhfuil stádas binse neamhspleách neamhchlaonta arna bhunú roimhe sin le dlí, de réir bhrí an dara fómhír d’Airteagal 19(1) CAE, arna léamh i bhfianaise an dara mír d’Airteagal 47 den Chairt, ag an gcomhlacht sin. Tá meascán de na tosca sin uile ina chúis le hamhras dlísteanaigh, in aigne daoine aonair, maidir le neamh-thréscailteacht na ndaoine lena mbaineann agus an fhoirmithe breithiúna ina bhfuil siad lonnaithe maidir le tosca seachtracha, go háirithe tionchair dhíreacha nó indéreacha ar thaobh na n-údarás reachtach agus feidhmiúcháin náisiúnta, agus a neodracht maidir leis na leasanna atá os a comhair. Dá bhrí sin, d’fhéadfadh easpa teacht i láthair neamhspleáchais nó neamhchlaontachta ag na breithiúna sin agus ag an gcomhlacht sin a bheith mar thoradh ar na tosca sin, amhail an bonn a bhaint den mhuintín nach mór don cheartas a spreagadh sna daoine aonair sin i sochaí dhaonlathach agus sa smacht reachta.
- 78 Sna himthosca sin, ní mór a mheas gur bréagnaíodh an toimhde dá dtagraítear i mír 41 den bhreithiúnas seo agus, dá bhrí sin, ní mór a chinneadh nach ionann foirmiú an Dlísheomra um Athbhreithniú Urghnách agus Gnóthaí Poiblí a rinne an iarraidh seo ar réamhrialú chuig an gCúirt Bhreithiúnais agus ‘cúirt nó binse’ de réir bhrí Airteagal 267 CFAE, agus, mar thoradh air sin, ní mór a dhearbú go bhfuil an iarraidh sin neamh-inghlactha.

## Costais

- 79 Ós rud é, i gcás na bpáirtithe sna príomhimeachtaí, gur céim iad na himeachtaí sin sa chaingean atá ar feitheamh os comhair na cúirte náisiúnta, is faoin gcúirt sin atá an cinneadh maidir le costais. Níl na costais a tabhaíodh agus barúlacha á gcur faoi bhráid na Cúirte, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an Mór-Dhlísheomra) mar seo a leanas:

**Níl an iarraidh ar réamhrialú ón Sąd Najwyższy (Izba Kontroli Nadzwyczajnej i Spraw Publicznych) [an Chúirt Uachtarach (Dlísheomra um Athbhreithniú Urghnách agus Gnóthaí Poiblí), an Pholainn], le cinneadh an 20 Deireadh Fómhair 2021, inghlactha.**

Sínithe